


Muirbhiochta Porcupine

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin Muirbhiochta Porcupine. Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat sula bhféachfaidh sibh ar an mír.

Cá bhfuil Muirbhiochta Porcupine?
Cad é go díreach é?
Cén fáth a bhfuil sé sa nuacht, dar leat?



Ceist 2

An féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos?

- contracts
- crews
- oil and gas exploration
- interested parties
- rigs
- offshore from the southwest coast
- mass production of oil
- oversight
- whale
- cast ashore
- harm and damage

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus déan achoimre don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 4

Cúrsaí teanga

A. Aistrigh an méid a dúirt Gavin Baxter go Gaeilge:

Very shortly we're going to be starting to fly out into the Atlantic. It's a part of the world, it's actually quite new for oil exploration, but it's something that we do every day up in the North Sea.

B. Bain úsáid as na focail seo a leanas chun an méid a dúirt an Dr. Caoimhín Ó Flannúra a athrá i d'fhocail féin.

- pléascanna seismeacha (seismic blasts)
- míolta móra, deilfeanna agus muca mara
- éiceachóras muirí
- caith i dtír
- triomaigh (strand)

Ceist 5 Cén Béarla atá ar na logainmneacha seo a bhí sa mhír? Cad is brí leis na logainmneacha?

- *An Fearann Fuar*
- *Inbhear na Sionainne*
- *Faoide*

Ceist 6 Díospóireacht Ranga:

Tá an ceart ag an rialtas lígean do chomhlachtaí móra taiscéalaíocht ola a dhéanamh in uiscí na hÉireann.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna.

Muirbhíochta Porcupine: Is báisín domhainmhara é atá amach ó chósta Thiar Theas na hÉireann. Tá taiscéalaíocht ola agus gháis ar bun ag comhlachtaí ann faoi láthair.

Ceist 2

contracts – *conarthaí*

crews – *criúna*

oil and gas exploration – *taiscéalaíocht ola agus gháis*

interested parties – *páirtithe leasmhara*

rigs – *rigí*

offshore from the southwest coast – *amach ó chósta an iardheiscirt*

mass production of oil – *olltáirgeadh ola*

oversight – *maoirseacht*

whale – *míol mór*

cast ashore – *caith i dtír*

harm and damage – *díobháil agus damáiste*

Ceist 3

Tabhair deis do gach beirt achoimre a dhéanamh ar an tuairisc.

Ceist 4

A. Beimid ag cur tús le heitiltí amach san Atlantach gan mhoill. Is cearn den domhan í, cearn i ndáiríre, nach bhfuil mórán taiscéalaíochta ola déanta inti go dtí seo, ach is rud é a dhéanaimid gach lá thuas sa Mhuir Thuaidh.

B. Chun taiscéalaíocht ola agus gháis a dhéanadh, caithfidh tástálacha a dhéanamh le bheith cinnte go bhfuil ola agus gás ann. Déantar pléascanna seismeacha chun sondáil a fháil, a thugann le fios má tá aon ola nó gás ann. Cuireann na tástálacha seo isteach go mór ar an éiceachóras muirí. Tá a fhios againn cheana féin gur chuir sé isteach ar mhíolta móra mar caitheadh a lán acu i dtír agus fuarthas míolta móra triomaithe ar thránna. Déanfar a lán damáiste chomh maith don chósta, má shileann ola ó thancaer isteach san fharraige.

Ceist 5

An Fearann Fuar: *Farranfore (The cold land)*

Inbhear na Sionainne: *Shannon Estuary (Sionna an t-ainm a bhí ar Bhandia Cheilteach)*

Faoide: *Whiddy Island (Ní fios go díreach cad is brí leis, ach meastar go mb'fhéidir go dtagann sé ón Lochlainnis hvít-øy – oileán bán)*

Ceist 6

Is féidir díospóireacht ranga a dhéanamh.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá conarthaí sínithe ag comhlacht héileacaptair chun criúnna a thabhairt ó Aerfort Chiarraí go suíomhanna taiscéalaíochta amach ó chósta an Iardheiscirt. Tá taiscéalaíocht ola agus gháis ar siúl faoi láthair breis is 200km amach san Atlantach.

Marian O’Flaherty

Tháinig páirtithe leasmhara le chéile ag Aerfort Chiarraí sa bhFearann Fuar chun fáilte a chur roimh an mbainisteoir nua, John Mulhern. Ach, rinneadh fógra mór eile ag an ócáid.

Tá sé deimhnithe ag *Babcock Helicopters* go bhfuilid¹ chun lonnú anseo ag Aerfort Chiarraí chun criúnna a thabhairt amach go dtí na rigí atá amach ó chósta an Iardheiscirt agus atá i mbun taiscéalaíochta ola agus gháis faoi láthair.

Gavin Baxter, Bainisteoir Tionscadail, Babcock International Group

Very shortly we’re going to be starting to fly out into the Atlantic. It’s a part of the world, it’s actually quite new for oil exploration, but it’s something that we do every day up in the North Sea.

Marian O’Flaherty

Tá taiscéalaíocht ola agus gháis ar bun le tamall i mbáisín an Porcupine, breis is dhá chéad ciliméadar amach ó chósta an Iardheiscirt.

An Dr. Caoimhín Ó Flannúra, Grúpa Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúil

Caithfidh héileacaptair an-mhór a bheith acu chun dul an fad sin amach, mar tá sé timpeall dhá chéad míle ansin amuigh fad leis an Porcupine.

Marian O’Flaherty

Deir an Dochtúir Ó Flannúra, má thugtar i dtír na táirgí ola, bheadh Inbhear na Sionainne nó oileán Faoide i gContae Chorcaí san áireamh, toisc go bhfuilid cóirithe i dtaobh olltáirgeadh ola. Tá sé den bharúil go bhfuil dualgas ar na húdaráis i dtaobh maoirseachta agus cúrsaí timpeallachta.

An Dr. Caoimhín Ó Flannúra, Grúpa Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúil

Chaithidís fuaim a chur amach i dtreo is go bhfaighidís an tsondail ar ais le go mbeadh a fhios acu cá bhfuil an íle ag bun na farraige agus tríd an rud. Agus, chuir sé sin isteach go mór ar na míolta móra, tá a fhios againn anois. Agus bhí an-chuid de na míolta móra á gcaitheamh i dtír, cuid acu. Agus an rud eile, má chuireann siad an íle isteach i dtancaer agus má scaoileann an íle amach as sin, déanfaidh sé an-díobháil agus damáiste don chósta thiar. So, caithfidh féachaint isteach ansin agus caithfidh an rialtas go mór féachaint isteach ansin.

Marian O’Flaherty, Nuacht TG4, Aerfort Chiarraí.

¹ go bhfuil siad an leagan caighdeánach